# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

31 Deireadh Fómhair 2019

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht


Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán (AE) 2019/1795 Ó Pharlaimint Na Heorpa Agus Ón Gcomhairle an 24 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/501 agus (AE) 2019/502 a mhéid a bhaineann lena dtréimhsí cur i bhfeidhm** ([1]) .... 1

★ **Rialachán (AE) 2019/1796 Ó Pharlaimint na heorpa Agus Ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020)** .... 4

★ **RIALACHÁN (AE) 2019/1797 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 24 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2403 maidir le húdaruithe iascaireachta do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe agus oibríochtaí iascaireachta soithí iascaireachta de chuid na Ríochta Aontaithe in uiscí an Aontais** .... 7


**Ceartúchán**


★ **Ceartúchán ar Chinneadh (AE) 2019/1798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2019 lena gceaptar Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh *(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 274, Eagrán Speisialta Gaeilge an 28 Deireadh Fómhair 2019)*** .... 11

★ **Ceartúchán ar Rialachán (AE) Uimh. 656/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear rialacha i gcomhair faireachais ar na teorainneacha farraige seachtracha i gcomhthéacs comhair oibríochtúil a chomhordaíonn an Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh** (IO L 189, 27.6.2014) .... 12


([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

I

*(Gníomhartha reachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2019/1795 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

**an 24 Deireadh Fómhair 2019**

**lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/501 agus (AE) 2019/502 a mhéid a bhaineann lena dtréimhsí cur i bhfeidhm**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 91(1) agus 100(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Márta 2017, thíolaic Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ("an Ríocht Aontaithe") fógra á rá go raibh sé ar intinn aici tarraingt siar as an Aontas Eorpach de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe ó dháta teacht i bhfeidhm comhaontaithe um tharraingt siar nó, ina éagmais sin, 2 bhliain tar éis an fhógra sin, ach amháin má chinneann an Chomhairle Eorpach d'aon toil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe, an tréimhse sin a fhadú.

(2) Chun ullmhú don fhéidearthacht go dtarraingeodh an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas gan chomhaontú an 30 Márta 2019, rinneadh Rialachán (AE) 2019/501 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) arb é is aidhm dó nascacht bhunúsach an iompair lasta de bhóthar agus an iompair paisinéirí de bhóthar a áirithiú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, agus Rialachán (AE) 2019/502 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) arb é is aidhm dó aernascacht bhunúsach a áirithiú idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, a ghlacadh an 25 Márta 2019.

(3) Tar éis di an chéad síneadh a chomhaontú an 22 Márta 2019, ghlac an Chomhairle Eorpach Cinneadh (AE) 2019/584 ([5]) an 11 Aibreán 2019, inar chomhaontaigh sí, tar éis iarraidh bhreise a fháil ón Ríocht Aontaithe, go ndéanfaí síneadh a chur leis an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 50(3) CAE go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2019. Mura rud é go bhfuil comhaontú um tharraingt siar arna thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe tagtha i bhfeidhm faoin dáta tar éis an dáta a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe nó mura rud é go gcinneann an Chomhairle Eorpach d'aon toil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe, síneadh a chur leis an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 50(3) CAE don tríú huair, tiocfaidh deireadh leis an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 50(3) CAE an 31 Deireadh Fómhair 2019.

([1]) Tuairim an 25 Meán Fómhair 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Deireadh Fómhair 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2019.

([3]) Rialachán (AE) 2019/501 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Márta 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna lena n-áirithítear nascacht bhunúsach an iompair lasta de bhóthar agus an iompair paisinéirí de bhóthar i dtaca le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas (IO L 85I, 27.3.2019, lch. 39).

([4]) Rialachán (AE) 2019/502 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Márta 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna lena n-áirithítear aernascacht bhunúsach i dtaca le tarraingt siar Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas (IO L 85I, 27.3.2019, lch. 49).

([5]) Cinneadh (AE) 2019/584 ón gComhairle Eorpach arna ghlacadh i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe an 11 Aibreán 2019 lena ndéantar an tréimhse faoi Airteagal 50(3) CAE a fhadú (IO L 101, 11.4.2019, lch. 1).

(4) Scoirfidh Rialachán (AE) 2019/501 d'fheidhm a bheith aige an 31 Nollaig 2019 agus scoirfidh Rialachán (AE) 2019/502 d'fheidhm a bheith aige an 30 Márta 2020. Chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar a eascraíonn ón tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 50(3) CAE a fhadú 7 mí, ba cheart tréimhse cur i bhfeidhm na Rialachán sin a fhadú, ag cur san áireamh na mbunphrionsabal is bun le bearta teagmhasachta agus ag cur san áireamh na dtréimhsí cur i bhfeidhm a bhí ceaptha a bheith acu i dtús báire.

(5) I bhfianaise an fhadaithe seacht mí ar an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 50(3) CAE, ba cheart tréimhse cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/501 a fhadú 7 mí go dtí an 31 Iúil 2020 chun tréimhse cur i bhfeidhm naoi mí ó tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas a choinneáil, mar a bhí ceaptha a bheith ann i dtús báire, agus chun a áirithiú, ó thaobh na tréimhse cur i bhfeidhm de, go ngnóthófar an aidhm atá leis an Rialachán sin, mar atá nascacht an iompair de bhóthar a choinneáil ar bun go sealadach ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.

(6) Is gá a áirithiú gur féidir, go ceann na tréimhse céanna 6 mhí sin a bhí ceaptha a bheith ann i dtús báire, paisinéirí a bhailiú agus a scaoileadh amach i réigiún teorann na hÉireann le linn seirbhísí idirnáisiúnta rialta agus seirbhísí idirnáisiúnta rialta speisialta iompair paisinéirí idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann. Dá bhrí sin, ba cheart tagairt do thréimhse 6 mhí ó dháta cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/501 a chur in ionad na tagartha don dáta deiridh dá dtagraítear i bpointe (3)(d) d'Airteagal 2 den Rialachán sin.

(7) Chun leanúnachas a áirithiú i dtaca le bailiú agus scaoileadh amach paisinéirí i réigiún teorann na hÉireann le linn seirbhísí idirnáisiúnta rialta agus seirbhísí idirnáisiúnta rialta speisialta iompair paisinéirí idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann, ba cheart coigeartú a dhéanamh freisin ar bhailíocht na n-údaruithe d'oibreoirí seirbhísí bus agus cóiste sa Ríocht Aontaithe dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/501 ionas go mbeadh an bhailíocht de réir an dáta nua a scoirfidh an Rialachán sin d'fheidhm a bheith aige.

(8) An tréimhse a thugtar don Choimisiún chun na cumhachtaí tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/501 a fheidhmiú, ba cheart í a choigeartú ionas go mbeadh sí de réir an dáta nua a scoirfidh an Rialachán sin d'fheidhm a bheith aige.

(9) I bhfianaise an fhadaithe seacht mí ar an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 50(3) CAE agus in éagmais aon oiriúnuithe, dá scoirfeadh Rialachán (AE) 2019/502 d'fheidhm a bheith aige an 30 Márta 2020, bheadh Rialachán (AE) 2019/502 infheidhme ar feadh tréimhse ní ba ghiorra ná leath na tréimhse a bhí ceaptha i dtús báire dá scoirfeadh sé d'fheidhm a bheith aige an 30 Márta 2020. Ghiorródh sé sin go mór an tréimhse ar lena linn a bhféadfadh iompróirí de chuid na Ríochta Aontaithe eitiltí a oibriú chun an Aontais. Dá réir sin, chun dul de réir na tréimhse cur i bhfeidhm a bhí beartaithe i dtús báire, ba cheart tréimhse cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/502 a fhadú 7 mí. Chun bheith ar comhthráth leis an lá deiridh de shéasúr samhraidh IATA 2020, ba cheart do Rialachán (AE) 2019/502 scor d'fheidhm a bheith aige an 24 Deireadh Fómhair 2020 ar a dhéanaí.

(10) I bhfianaise na práinne a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, measadh gurbh iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, a ghabhann le CAE, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

(11) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ón lá tar éis an lae a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe. Mar sin féin, níor cheart feidhm a bheith aige má tá comhaontú um tharraingt siar arna thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 50(2) CAE tar éis teacht i bhfeidhm faoin dáta sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/501**

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/501 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3)(d):

"(d) bailiú agus scaoileadh amach paisinéirí i réigiún teorann na hÉireann le linn seirbhísí idirnáisiúnta rialta agus seirbhísí idirnáisiúnta rialta speisialta idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann, ar feadh tréimhse sé mhí dar tosach dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo mar a leagtar amach sa dara mír d'Airteagal 12;";

(2) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Féadfar leanúint de na húdaruithe atá bailí fós faoi mhír 2 den Airteagal seo a úsáid fós chun na gcríoch a shainítear i mír 1 den Airteagal seo más rud é gur athnuadh iad faoi na téarmaí agus coinníollacha céanna, nó gur athraíodh iad ó thaobh stadanna, táillí nó sceidil, agus faoi réir na rialacha agus na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagail 6 go 11 de Rialachán (CE) Uimh. 1073/2009 i gcomhair tréimhse bhailíochta nach rachaidh thar an 31 Iúil 2020.";

(3) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7(2) agus Airteagal 8 (2) a thabhairt don Choimisiún go dtí an 31 Iúil 2020.";

(4) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheathrú mír:

"Scoirfidh an Rialachán seo d'fheidhm a bheith aige an 31 Iúil 2020.".

*Airteagal 2*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2019/502**

In Airteagal 16(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) an 24 Deireadh Fómhair 2020.".

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón lá tar éis an lae a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 50(3) CAE.

Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo má tá comhaontú um tharraingt siar arna thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 50(2) CAE tar éis teacht i bhfeidhm faoin dáta tar éis an dáta a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 24 Deireadh Fómhair 2019.

| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| D. M. SASSOLI | T. TUPPURAINEN |

# RIALACHÁN (AE) 2019/1796 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

## an 24 Deireadh Fómhair 2019

## lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 175 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), bunaíodh an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED) ar feadh ré an chreata airgeadais ilbhliantúil, ón 1 Eanáir 2007 go dtí an 31 Nollaig 2013. Bunaíodh CED chun é a chur ar a chumas don Aontas dlúthpháirtíocht a léiriú le hoibrithe a chaill a bpoist mar gheall ar mhórathruithe struchtúracha i bpatrúin na trádála domhanda de thoradh an domhandaithe.

(2) Rinneadh raon feidhme CED a leathnú in 2009 le Rialachán (CE) Uimh. 546/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) mar chuid den Phlean don Téarnamh Eacnamaíoch Eorpach chun tacaíocht d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht mar thoradh díreach ar an ngéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíoch a chur san áireamh ann.

(3) Le Rialachán (CE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), bunaíodh CED ar feadh ré an chreata airgeadais ilbhliantúil, ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 31 Nollaig 2020. Rinneadh raon feidhme CED a leathnú leis an Rialachán sin freisin ionas go gcumhdófaí, ní hamháin iomarcaíochtaí mar gheall ar mhórathruithe struchtúracha i bpatrúin na trádála domhanda de thoradh an domhandaithe agus iomarcaíochtaí mar gheall ar mhórshuaitheadh eacnamaíoch a tharla de dhroim na géarchéime leanúnaí domhanda airgeadais agus eacnamaíche ar tugadh aghaidh uirthi i Rialachán (CE) Uimh. 546/2009, ach iomarcaíochtaí mar gheall ar aon ghéarchéim nua dhomhanda agus eacnamaíoch chomh maith. Anuas air sin, le Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 chun, *inter alia*, rialacha a thabhairt isteach lena gceadaítear do CED, ar bhonn eisceachtúil, comhiarratais a bhfuil fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) páirteach iontu a chumhdach, ar FBManna iad atá lonnaithe i réigiún agus atá ag feidhmiú in earnálacha éagsúla eacnamaíocha arna sainiú ar leibhéal rannáin NACE Athbhreithniú 2, i gcás ina léireoidh an Ballstát iarrthach gur gnólachtaí de chineál FBM an príomhchineál nó an t-aon chineál gnólachta sa réigiún sin.

---

([1]) Tuairim an 25 Meán Fómhair 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Deireadh Fómhair 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2019.
([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le bunú an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (IO L 406, 30.12.2006, lch. 1).
([4]) Rialachán (CE) Uimh. 546/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 maidir le bunú an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú (IO L 167, 29.6.2009, lch. 26).
([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 855).
([6]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/EU agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

(4) An 29 Márta 2017, thíolaic Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann ("an Ríocht Aontaithe") fógra á rá go raibh sé ar intinn aici tarraingt siar as an Aontas Eorpach de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe ó dháta teacht i bhfeidhm comhaontaithe um tharraingt siar nó, ina éagmais sin, 2 bhliain tar éis an fhógra sin, ach amháin má chinneann an Chomhairle Eorpach d'aon toil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe, an tréimhse sin a fhadú.

(5) Tar éis di an chéad síneadh a chomhaontú an 22 Márta 2019, ghlac an Chomhairle Eorpach Cinneadh (AE) 2019/584 ([7]) an 11 Aibreán 2019, inar chomhaontaigh sí, tar éis iarraidh bhreise a fháil ón Ríocht Aontaithe, go ndéanfaí síneadh a chur leis an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 50(3) CAE go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2019. Mura rud é go bhfuil comhaontú um tharraingt siar arna thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe tagtha i bhfeidhm faoin dáta tar éis an dáta a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe nó mura rud é go gcinneann an Chomhairle Eorpach d'aon toil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe, síneadh a chur leis an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 50(3) CAE don tríú huair, tiocfaidh deireadh leis an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 50(3) CAE an 31 Deireadh Fómhair 2019.

(6) Le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas gan comhaontú um tharraingt siar, is dóigh go ndéanfar dochar do roinnt tionscal agus seirbhísí agus is dóigh gurb é an toradh a bheidh ar an méid sin go gcuirfear daoine atá ag obair sna hearnálacha sin ar iomarcaíocht. Ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 a leasú leis an Rialachán seo chun a shonrú go dtagann iomarcaíochtaí den sórt sin faoi raon feidhme CED. Leis an méid sin, d'áiritheofaí gur féidir le CED freagairt éifeachtach a thabhairt trí chúnamh a chur ar fáil d'oibrithe arna gcur ar iomarcaíocht i limistéir, earnálacha, críocha nó margaí saothair atá thíos le mórshuaitheadh eacnamaíoch mar gheall ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas gan comhaontú um tharraingt siar.

(7) I bhfianaise na práinne a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, measadh gurbh iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, a ghabhann le CAE, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach

(8) Ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ón lá tar éis an lae a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe. Níor cheart feidhm a bheith aige, áfach, más rud é go bhfuil comhaontú um tharraingt siar arna thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 50(2) CAE tagtha i bhfeidhm faoin dáta sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán (AE) Uimh 1309/2013**

In Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) oibrithe arna gcur ar iomarcaíocht agus daoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht mar gheall ar mhórathruithe struchtúracha i bpatrúin na trádála domhanda de thoradh an domhandaithe, arna léiriú, go háirithe, le méadú substaintiúil ar allmhairí chuig an Aontas, cor mór i dtrádáil an Aontais in earraí nó seirbhísí, meath tapa ar an sciar den mhargadh atá ag an Aontas in earnáil ar leith, athshuí gníomhaíochtaí chuig tríú tíortha nó mar gheall ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas gan comhaontú um tharraingt siar, ar choinníoll go bhfuil drochthionchar suntasach ag na hiomarcaíochtaí sin ar an ngeilleagar áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta;".

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón lá tar éis an lae a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 50(3) CAE.

([7]) Cinneadh (AE) 2019/584 ón gComhairle Eorpach arna dhéanamh i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe an 11 Aibreán 2019 lena gcuirtear síneadh leis an tréimhse faoi Airteagal 50(3) CAE (IO L 101, 11.4.2019, lch. 1).

Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo má tá comhaontú um tharraingt siar, arna thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 50(2) CAE, tagtha i bhfeidhm faoin dáta tar éis an dáta a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 24 Deireadh Fómhair 2019.

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| D. M. SASSOLI | T. TUPPURAINEN |

**RIALACHÁN (AE) 2019/1797 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE**

**an 24 Deireadh Fómhair 2019**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2403 maidir le húdaruithe iascaireachta do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe agus oibríochtaí iascaireachta soithí iascaireachta de chuid na Ríochta Aontaithe in uiscí an Aontais**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 29 Márta 2017, thíolac an Ríocht Aontaithe an fógra á rá go raibh sé ar intinn aici tarraingt siar as an Aontas de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe ó dháta teacht i bhfeidhm comhaontaithe um tharraingt siar nó, ina éagmais sin, 2 bhliain tar éis an fhógra sin, mura rud é go gcinneann an Chomhairle Eorpach d'aon toil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe, an tréimhse sin a fhadú.

(2) Tar éis di iarraidh a fháil ón Ríocht Aontaithe, dheonaigh an Chomhairle Eorpach an chéad síneadh an 22 Márta 2019 ([1]). An 11 Aibreán 2019, tar éis di iarraidh a fháil ón Ríocht Aontaithe, tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú ([2]) síneadh breise go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2019 a chur leis an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 50(3) CAE. Mura rud é go bhfuil comhaontú um tharraingt siar arna thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe tagtha i bhfeidhm faoin lá tar éis an lá a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe, nó mura rud é go gcinneann an Chomhairle Eorpach d'aon toil, i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe, síneadh a chur leis an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 50(3) CAE don tríú huair, tiocfaidh deireadh leis an tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 50(3) an 31 Deireadh Fómhair 2019, agus tarraingeoidh an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas gan chomhaontú agus tiocfaidh sí chun bheith ina tríú tír an 1 Samhain 2019.

(3) Sa Chomhaontú um Tharraingt Siar a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* an 25 Aibreán 2019 ([3]) ("an Comhaontú um Tharraingt Siar") tá socruithe le haghaidh cur i bhfeidhm forálacha de dhlí an Aontais maidir leis an Ríocht Aontaithe tar éis an dáta a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe. Má thagann an Comhaontú um Tharraingt Siar i bhfeidhm, beidh feidhm ag an gcomhbheartas iascaigh (CBI) maidir leis an Ríocht Aontaithe le linn na hidirthréimhse i gcomhréir leis an gComhaontú um Tharraingt Siar agus scoirfidh sé d'fheidhm a bheith aige ag deireadh na tréimhse sin.

(4) De réir mar a fhoráiltear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 ([4]) agus i gComhaontú na Náisiún Aontaithe maidir le forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Éisc Mór-imirceach an 4 Lúnasa 1995 ([5]) a chur chun feidhme, tá sé d'oibleagáid ar na páirtithe a áirithiú le bearta cuí caomhnaithe agus bainistíochta go gcoimeádfar na beo-acmhainní muirí ar leibhéil ar ina leith nach mbeidh siad i mbaol a róshaothraithe.

---

([1]) Cinneadh (AE) 2019/476 ón gComhairle Eorpach arna dhéanamh i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe an 22 Márta 2019 lena gcuirtear síneadh leis an tréimhse faoi Airteagal 50(3) CAE (IO L 80 I, 22.3.2019, lch. 1).
([2]) Cinneadh (AE) 2019/584 ón gComhairle Eorpach arna dhéanamh i gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe an 11 Aibreán 2019 lena gcuirtear síneadh leis an tréimhse faoi Airteagal 50(3) CAE (IO L 101 I, 11.4.2019, lch. 1).
([3]) Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO C 144 I, 25.4.2019, lch. 1).
([4]) Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige agus Chomhaontú an 28 Iúil 1994 maidir le cur chun feidhme Chuid XI de (IO L 179, 23.6.1998, lch. 3).
([5]) IO L 189, 3.7.1998, lch. 16.

(5) Dá bhrí sin, is gá a áirithiú go n-áiritheofar, leis na deiseanna gabhála comhcheangailte atá ar fáil don Aontas agus don Ríocht Aontaithe, go ndéanfar bainistíocht inbhuanaithe ar na stoic ábhartha.

(6) Le Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) leagtar amach na rialacha maidir le húdaruithe iascaireachta a eisiúint agus a bhainistiú do shoithí iascaireachta in uiscí faoi cheannasacht nó faoi dhlínse tríú tír agus do shoithí iascaireachta tríú tír agus iad i mbun oibríochtaí iascaireachta in uiscí an Aontais.

(7) Le Rialachán (AE) 2019/498 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), leasaítear Rialachán (AE) 2017/1403 maidir le húdaruithe iascaireachta le haghaidh shoithí iascaireachta an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe agus maidir le hoibríochtaí iascaireachta shoithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe in uiscí an Aontais. Leis an leasú sin, d'fhéadfadh soithí an Aontais agus na Ríochta Aontaithe leanúint den deis a bheith acu rochtain iascaireachta a bheith acu ar uiscí a chéile. Rinneadh foráil do chóras solúbtha chomh maith faoina bhféadfadh an tAontas cuótaí a mhalartú leis an Ríocht Aontaithe tar éis do na Conarthaí scor d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe. Is gá síneadh a chur le tréimhse cur i bhfeidhm na bhforálacha sin chun go bhféadfar údaruithe iascaireachta le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a eisiúint maidir le huiscí a chéile in éagmais comhaontú iascaireachta arna thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe mar thríú tír, ar choinníoll go leanann bainistíocht na stoc ábhartha de bheith inbhuanaithe agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i rialacha CBI agus sna Rialacháin ón gComhairle lena socraítear deiseanna iascaireachta.

(8) Socraíodh ([8]) na deiseanna iascaireachta do 2019, agus deiseanna iascaireachta stoic éisc domhainfharraige do 2019 agus 2020 nuair a bhí an Ríocht Aontaithe fós ina Ballstát. Is iad na socruithe sin agus na deiseanna iascaireachta a leagtar amach iontu is bunús le hinbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí iascaireachta sin. Maidir le gach deis iascaireachta eile do 2020, tá sé riachtanach inbhuanaitheacht na ndeiseanna iascaireachta a áirithiú.

(9) Mura ndéanfar an Comhaontú um Tharraingt Siar a dhaingniú faoin 31 Deireadh Fómhair 2019, agus má tharraingíonn an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas an 1 Samhain 2019, d'fhéadfadh nach mbeadh sé indéanta ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe socrú coiteann a thabhairt i gcrích maidir leis na deiseanna iascaireachta ar na stoic lena mbaineann le haghaidh 2020 in am do chruinniú Chomhairle na nAirí Iascaigh i Nollaig 2019, cruinniú ag a bhfuil sé sceidealta na deiseanna iascaireachta a shocrú don bhliain dar gcionn. Ní gá, go díreach mar gheall ar gan socrú coiteann a bheith ann, go mbeadh bac ar an Aontas agus ar an Ríocht Aontaithe rochtain a thabhairt ar uiscí a chéile. Sa chás sin, bheidís in ann údaruithe iascaireachta a eisiúint do shoithí iascaireachta a chéile ar choinníoll go gcomhlíonfaidís araon na coinníollacha maidir le bainistiú inbhuanaithe na stoc ábhartha.

(10) Dá bhrí sin, i bhfianaise na bhforálacha agus na gcoinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/2403, agus mar réamhchoinníoll maidir le húdaruithe iascaireachta a eisiúint, beidh gá ag an Aontas measúnú a dhéanamh á rá an bhfuil comhéifeacht na n-oibríochtaí iascaireachta a bheidh socraithe i mbearta bainistíochta a chuir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ar bun le haghaidh 2020 ag teacht le bainistíocht inbhuanaithe na stoc lena mbaineann.

(11) Is i bhfianaise na comhairle eolaíche is fearr faoi na stoic lena mbaineann, forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) agus na gcritéar agus na bparaiméadar a leagtar amach sna pleananna bainistíochta is infheidhme a bheidh i bhfeidhm agus na Rialachán ábhartha ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2020 atá a chomhsheasmhaí atá comhdheiseanna iascaireachta an Aontais agus na Ríochta Aontaithe le bainistíocht inbhuanaithe na stoc lena mbaineann le measúnú.

---

([6]) Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

([7]) Rialachán (AE) 2019/498 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Márta 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2403 maidir le húdaruithe iascaireachta
do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí na Ríochta Aontaithe agus
oibríochtaí iascaireachta soithí iascaireachta de chuid na Ríochta Aontaithe in uiscí an Aontais (IO L 85 I, 27.3.2019, lch. 25).

([8]) Rialachán (AE) 2019/124 ón gComhairle an 30 Eanáir 2019 lena socraítear na deiseanna iascaireachta do 2019 i leith stoic áirithe éisc agus i leith grúpaí de stoic éisc is infheidhme in uiscí an Aontais Eorpaigh agus, maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 29, 31.1.2019, lch. 1) agus Rialachán (AE) 2018/2025 ón gComhairle an 17 Nollaig 2018 lena socraítear le haghaidh 2019 agus 2020 na deiseanna iascaireachta i leith stoic áirithe éisc dhomhainfharraige do shoithí iascaireachta an Aontais (IO L 325, 20.12.2018, lch. 7).

([9]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

(12) I gcás inar féidir comhsheasmhacht den sórt sin a áirithiú, tá sé tábhachtach go gcoinneofaí an deis ar fáil ar shocruithe a dhéanamh chun go mbeidh rochtain iascaireachta chómhalartach ag soithí iascaireachta an Aontais agus soithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe ar uiscí a chéile in 2020, i bhfianaise thábhacht an iascaigh do shlí bheatha eacnamaíoch cuid mhór pobal cósta.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart cur chun feidhme na mbeart uile a bhaineann le hoibríochtaí iascaireachta dá bhforáiltear sna bearta teagmhasacha arna nglacadh faoi Rialachán (AE) 2019/498 a leathnú go gcumhdóidh siad an bhliain 2020, agus ba cheart Rialachán (AE) 2017/2403 a leasú dá réir.

(14) Ní áirítear Giobráltar i raon feidhme críochach an Rialacháin seo ná in aon tagairt don Ríocht Aontaithe atá ann.

(15) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne, agus ba cheart feidhm a bheith aige ón dáta tar éis an dáta a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe, ach amháin i gcás go mbeidh comhaontú um tharraingt siar, arna thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe, tagtha i bhfeidhm faoin dáta sin. Ba cheart feidhm a bheith aige go dtí an 31 Nollaig 2020.

(16) I bhfianaise na práinne a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas, measadh gurbh iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse ocht seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, a ghabhann le CAE, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

(17) Ionas go mbeidh oibreoirí an Aontais agus oibreoirí na Ríochta Aontaithe araon in ann leanúint de bheith ag iascaireacht i gcomhréir leis na deiseanna ábhartha iascaireachta a leithdháiltear orthu, níor cheart údaruithe iascaireachta le haghaidh gníomhaíochtaí in uiscí an Aontais a dheonú ar shoithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe ach amháin má mheasann an Coimisiún, agus ag brath ar a mhéid a mheasann sé, go ndéanfaidh an Ríocht Aontaithe cearta rochtana a dheonú do shoithí iascaireachta an Aontais chun dul i mbun oibríochtaí iascaireachta in uiscí na Ríochta Aontaithe ar bhonn na cómhalartachta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/2403 mar a leanas:

(1) In Airteagal 18a, cuirtear "31 Nollaig 2020" in ionad "31 Nollaig 2019".

(2) In Airteagal 38a, cuirtear "31 Nollaig 2020" in ionad "31 Nollaig 2019".

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 38b:

"*Airteagal 38b*

**Oibríochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe**

Féadfaidh soithí iascaireachta na Ríochta Aontaithe oibríochtaí iascaireachta a dhéanamh in uiscí an Aontais i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach sna Rialacháin ón gComhairle lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2019 agus 2020, ar choinníoll go mbeidh na deiseanna iascaireachta a bheidh socraithe ag an Aontas agus ag an Ríocht Aontaithe araon in éineacht ag teacht le bainistiú inbhuanaithe na stoc ábhartha i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.".

(4) In Airteagal 38c(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

"(f) i gcás inarb infheidhme, tá deiseanna iascaireachta ar fáil don Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 38b.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón dáta tar éis an dáta a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe de bhun Airteagal 50(3) CAE go dtí an 31 Nollaig 2020.

Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo más rud é go bhfuil comhaontú um tharraingt siar, arna thabhairt i gcrích leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le hAirteagal 50(2) CAE, tagtha i bhfeidhm faoin dáta tar éis an dáta a scoirfidh na Conarthaí d'fheidhm a bheith acu maidir leis an Ríocht Aontaithe.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 24 Deireadh Fómhair 2019.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
D. M. SASSOLI

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
T. TUPPURAINEN

## CEARTÚCHÁN

### Ceartúchán ar Chinneadh (AE) 2019/1798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2019 lena gceaptar Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 274, Eagrán Speisialta Gaeilge an 28 Deireadh Fómhair 2019)*

Ar an gclúdach sa chlár, agus ar leathanach 1, sa teideal:

*in ionad:* “Cinneadh (AE) 2019/1798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2019 lena gceaptar Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh”,

*léitear:* “Cinneadh (AE) 2019/1798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 lena gceaptar Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh”.

ar leathanach 2:

*in ionad:* “Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 14 Deireadh Fómhair 2019.”,

*léitear:* “Arna dhéanamh in Strasbourg, an 23 Deireadh Fómhair 2019.”.

**Ceartúchán ar Rialachán (AE) Uimh. 656/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear rialacha i gcomhair faireachais ar na teorainneacha farraige seachtracha i gcomhthéacs comhair oibríochtúil a chomhordaíonn an Ghníomhaireacht Eorpach chun Comhar Oibríochtúil a Bhainistiú ag Teorainneacha Seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 189 Eagrán Speisialta Gaeilge an 27 Meitheamh 2014)*

Sa Rialachán seo tríd síos, cuirtear an leagan cuí gramadaí de na focail "lárionad náisiúnta comhordúcháin" in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail "ionad comhordaithe náisiúnta" agus déantar cibé oiriúnuithe gramadaí eile is gá de bharr na n-athruithe sin.

Sa Rialachán seo tríd síos, cuirtear an leagan cuí gramadaí de na focail "lárionad idirnáisiúnta comhordúcháin" in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail "ionad comhordaithe Idirnáisiúnta" agus déantar cibé oiriúnuithe gramadaí eile is gá de bharr na n-athruithe sin.

Sa Rialachán seo tríd síos, cuirtear an leagan cuí gramadaí de na focail "lárionad comhordúcháin tarrthála" in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail "ionad comhordaithe tarrthála" agus déantar cibé oiriúnuithe gramadaí eile is gá de bharr na n-athruithe sin.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

**Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh**
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA